



An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2017  
(OR. en)

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2016/0357 (COD)

---

---

9763/17  
ADD 1

FRONT 248  
VISA 203  
DAPIX 213  
DATAPROTECT 108  
CODEC 935  
COMIX 399

## NÓTA

---

ó: An Uachtaránacht

chuig: An Chomhairle / An Coiste Measctha  
(AE-an Íoslainn/Lichtinstéin/an Iorua/an Eilvéis)

---

Uimh. an doic. ón gCoim.: 14082/16 FRONT 426 VISA 351 DAPIX 198 CODEC 1586 COMIX 729

---

Ábhar: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/794 agus (AE) 2016/1624  
- Cur chuige ginearálta

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo dréachtrialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, atá le glacadh in éineacht leis an togra thuasluaite maidir le ETIAS.

Aibhsítear na hathruithe nua a rinneadh le hais ST 9580/17 ADD 1 le **cló trom agus líne fúthu** agus le [...].

Tar éis an phlé a rinne Coreper ar an 24 agus an 31 Bealtaine, iarrann an Uachtaránacht ar an gComhairle an téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormhuiniú.

**Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 chun Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) a bhunú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 88(2)(a) de,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Leis an Rialachán maidir le ETIAS, leithdháiltear cúraimí nua ar Europol [...] amhail [...] liosta faire ETIAS a fhorbairt agus a óstáil, faisnéis a chur ar fáil i ndáil le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile don liosta faire sin agus tuairimí a chur ar fáil tar éis iarrataí ar chomhairliúchán a fháil ó aonaid náisiúnta ETIAS. Chun na cúraimí sin a chur chun feidhme, is gá Rialachán (AE) 2016/794 a leasú dá réir.
- (2) [...] Na hacmhainní a bheidh ag teastáil ó Europol chun a chuid cúraimí a chur chun feidhme mar a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart iad a chur san áireamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme atá ann cheana.

- (3) [I gcomhréir le hAirteagal 1, le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]**
- (4) [I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe (, le litir an ...) gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]**
- (5) [I gcomhréir le hAirteagal 1, le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]**
- (6) [I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn (, le litir an ...) gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]**
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.**

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*  
*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/794*

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 mar seo a leanas:

1. In Airteagal 4 mír 1, cuirtear isteach na pointí (n), (o) agus (p) seo a leanas:
  - "(n) liosta faire ETIAS dá dtagraítear in Airteagal 29 den [Rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)] [...] a fhorbairt agus a óstáil ar bhonn Airteagal 18(2)(a). Glacfaidh an Bord Bainistíochta treoirínte lena sonrú tuilleadh na nósanna imeachta d'aon phróiseáil faisnéise chun liosta faire ETIAS a óstáil mar a leagtar amach i [Rialachán ETIAS], tar éis dó dul i gcomhairle le MECS;
  - (o) faisnéis a sholáthar do liosta faire ETIAS a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile arna fáil ag Europol trí bhíthin comhar idirnáisiúnta, gan dochar do na coinníollacha lena rialaítear comhar idirnáisiúnta Europol;
  - (p) tuairim a sholáthar tar éis iarraidh ar chomhairliúchán a fháil dá dtagraítear in Airteagal 25 de [Rialachán lena mbunaítear an Gníomhaireacht Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)]."
2. Leasaítear Airteagal 21 mar seo a leanas:
  - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Airteagal 21

Rochtain a bheith ag Eurojust, ag OLAF agus, chun críocha ETIAS amháin, ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, ar fhaisnéis arna stóráil ag Europol"

(b) cuirtear an mhír seo a leanas 1a isteach:

"1a. Glacfaidh Europol gach beart iomchuí chun cur ar chumas na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cóstá, faoina sainordú agus chun críocha [an Rialacháin lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)], rochtain indíreach a bheith aici ar bhonn córas ina mbraitear/nach mbraitear amas ar fhaisnéis arna cur ar fáil chun críocha phointe (a) d'Airteagal 18 (2) gan dochar d'aon srianta arna sonrú ag an mBallstát, ag comhlacht de chuid an Aontais, ag tríú tír nó ag eagraíocht idirnáisiúnta a chuireann an fhaisnéis i gceist ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 19(2).

I gcás amas a bheith ann, tionscnóidh Europol an nós imeachta trína bhféadfar an fhaisnéis ba chúis leis an amas a chomhroinnt, i gcomhréir leis an gcinneadh ó sholáthraí na faisnéise do Europol, agus gan í a chomhroinnt ach amháin a mhéid is gá na sonraí is cúis le brath an amais chun go ndéanfadh an Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cóstá cúraimí a bhaineann le ETIAS.

Beidh feidhm ag mír 2 go dtí mír 7 den Airteagal seo dá réir".

*Airteagal 2*  
*Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*